An Coimisiún Eorpach

# **Louise Weiss:** Duine a chaith a saol ag tacú le luachanna na hEorpa agus cearta na mban (1893-1983)




*Bhí tionchar mór ag an iriseoir agus polaiteoir Louise Weiss ar chúrsaí na Fraince agus ar chúrsaí idirnáisiúnta ó na 1920idí go dtí go bhfuair sí bás in 1983. Na nithe a chonaic sí in ospidéil mhachaire le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda, chuaigh siad i gcion go mór uirthi. Chaith sí a saol ag obair ar son na síochána, ar dtús lena cuid oibre do nuachtáin éagsúla agus ina dhiaidh sin san fheachtas do cheart vótála na mban; dar léi dá dtabharfaí ceart vótála do na mná go gcuideodh sin an Dara Cogadh Domhanda a chosc. Le linn an chogaidh chuidigh sí chun na mílte páistí Giúdacha a shábháil ó na Naitsithe agus chuaigh sí isteach i bhFrithbheartaíocht na Fraince. Tar éis an chogaidh, chuir sí chun cinn an coincheap an Eoraip a bheith ina rogha mhalartach ar shárchumhachtaí na Stát Aontaithe agus an Aontais Shóivéadaigh le linn an Chogaidh Fhuair.*

*Toghadh chuig Parlaimint na hEorpa in 1979 í agus í 86 bliana d'aois, agus is í a thug an óráid tionscnaimh ag an gcéad seisiún den Pharlaimint. Tar éis a báis, d'ainmnigh Parlaimint na hEorpa a príomhfhoirgneamh i Strasbourg aisti, mar aitheantas ar an tacaíocht a thug sí ar feadh a saoil do luachanna na hEorpa.*

Is in Arras (Pas-de-Calais na Fraince) an 25 Eanáir, 1893 a rugadh Louise Weiss. Ba í an duine is sine de sheisear páiste i dteaghlach den uas-mheánaicme í, ag a raibh tuismitheoir Protastúnach agus tuismitheoir Giúdach. Ba innealtóir mianadóireachta a hathair, Paul-Louis Weiss, agus ba dhuine de chlann Javal í a máthair, teaghlach mór le rá ó Alsace a raibh tionchar mór acu.

Thacaigh Jeanne le mian a hiníne oideachas maith a fháil agus d'éirigh go han-mhaith le Louise ina cuid staidéir. In 1914 d'éirigh léi an *agrégation* a phasáil – an scrúdú iontrála don státseirbhís. Bhain sí céimeanna sa litríocht amach ó Ollscoil Pháras agus ó Ollscoil Oxford chomh maith, sular éirigh sí gafa leis an gCéad Chogadh Domhanda.

Ba mhian le Weiss cuidiú leo siúd a bhí ag troid, agus dá bhrí sin d'fhill sí ar an bhFrainc chun ospidéal beag míleata a bhunú sa Bhriotáin do shaighdiúirí gortaithe na Fraince agus chun áras do dhídeanaithe a bhunú freisin. Nuair a bhí deireadh ag teacht leis an gcoinbhleacht, chuaigh Louise go dtí an Eilvéis chun aire a thabhairt d'iar-phríosúnaigh chogaidh de chuid na Fraince agus scríobh sí alt sa nuachtán *Le Radical* faoin ainm cleite Louis Lefranc inar nocht sí an dóigh a rabhthas ag caitheamh leis na príosúnaigh sin i gcampaí géibhinn na Gearmáine.

Chonacthas do Weiss gur bhealach í an iriseoireacht chun "cogadh a chur ar an gcogadh" agus, mar gheall nach raibh cead ag na mná bheith páirteach i saol na polaitíochta sa Fhrainc ag an am, bhain sí úsáid as a cuid scríbhneoireachta lena cuid tuairimí a chur in iúl agus na cúiseanna a bhí tábhachtach di a chur chun cinn, an tsíocháin agus an comhionannas ina measc. In éineacht leis an iriseoir agus foilsitheoir Hyacinthe Philouze, bhunaigh sí an iris sheachtainiúil *L'Europe Nouvelle*, i mí Eanáir 1918. Is gearr an mhoill go raibh meas mór ag an lucht léitheoireachta ar an iris agus braitheadh gur iris thábhachtach í ó thaobh cúrsaí idirnáisiúnta.

Thosaigh sí ag obair mar chomhfhreagraí don nuachtán laethúil i bPáras, *Le Petit Parisien*, in 1919.

Cé gur lean sí de bheith ina crann taca don tsíocháin, tháinig athrú ar a claonadh i dtreo na síochána de réir mar a tháinig Hitler i gcumhacht sa Ghearmáin sna 1930idí. Chuir beartas Chonradh na Náisiún i ndáil le géilleadh chun síthe imní ar Weiss, agus thosaigh sí ag tacú le húsáid lámh láidir chun síocháin a bhaint amach. Mar thoradh air sin, d'éirigh sí as a post le *L'Europe Nouvelle* in 1934. Dhírigh sí ansin ar chearta na mban, ceart vótála na mban go háirithe, agus chreid sí go gcuideodh bronnadh an chirt sin chun an taoide a chasadh i gcoinne an chogaidh. Bhunaigh sí eagraíocht nua, *La Femme Nouvelle*, a bhí tiomanta do chearta vótála a bhaint amach do mhná.

De réir mar a chonacthas nárbh fhéidir cogadh leis an Ghearmáin a sheachaint, d'imir Weiss – duine den bheagán iriseoirí a thug mórán aird ar ghéarleanúint na Naitsithe i gcoinne easaontaigh pholaitiúla agus Giúdaigh – d'imir sí tionchar ar Aire Gnóthaí Eachtracha na Fraince, Georges Bonnet, agus bunaíodh coiste dídeanaithe le tacaíocht an rialtais, i mí na Nollag 1938, chun cuidiú le Giúdaigh a bhí ag éalú ó na Naitsithe. Chuidigh sí freisin chun víosaí Francacha a fháil d'aon mhíle páistí Giúdacha ón nGearmáin agus ón Ostair tar éis pogrom 'Kristallnacht', agus fuair sí cead cúpla céad dídeanaí eile, a bhí sáinnithe ar bord na línéar trasatlantach Saint-Louis agus Flandre, chun cur fúthu go sealadach sa Fhrainc tar éis cead isteach sna Stáit Aontaithe a bheith diúltaithe dóibh.

Nuair a ghabh na Naitsithe seilbh ar an bhFrainc in 1940, thosaigh an saol ag éirí níos deacra agus níos contúirtí do Weiss agus dá teaghlach. In 1943 is beag nár gabhadh a deartháir ar amhras gur chuidigh sé le lucht na frithbheartaíochta. Mar gheall air sin, chuaigh Louise i bhfolach agus thacaigh sí le cúis na frithbheartaíochta, ag déanamh eagarthóireacht ar an nuachtán faoi choim, *La Nouvelle République*.

Tar éis an chogaidh chaith Weiss beagnach deich mbliana ag taisteal an domhain, agus is iomaí alt a scríobh sí lena linn d'irisí agus do nuachtáin mhóra na Fraince faoin ról ceannasach a d'fhéadfadh an tIarthar, agus an Eoraip go háirithe, a ghlacadh chun luachanna daonlathacha a chur chun cinn ar fud an domhain. Is mar gheall ar an gcreideamh sin a thosaigh sí ag cur coincheap an Eoraip a bheith ina rogha mhalartach ar na Stáit Aontaithe agus an tAontas Sóivéadach chun cinn le linn an Chogaidh Fhuair.

In 1971 bhunaigh sí Fondation Louise Weiss chun duais bhliantúil a bhronnadh ar an duine nó ar an institiúid is mó a chuir le dul chun cinn "eolaíocht na síochána". Ar bhuaiteoirí na duaise sin tá Vaclav Havel, Helmut Schmidt agus Simone Veil.

Agus a haird dírithe ar an Eoraip anois, toghadh Weiss chun Parlaimint na hEorpa in 1979 agus is í a thug an chéad óráid ag an gcéad seisiún den Pharlaimint, in aois 86 bliana di. Le linn a hóráide, d'iarr sí ar mhuintir na hEorpa ar fad teacht le chéile ar bhonn cultúir choiteann, in áit leasanna eacnamaíocha coiteanna amháin.

Bhí Louise Weiss ina Feisire Eorpach, feisire is sine na Parlaiminte, go bhfuair sí bás in 1983 agus í 90 bliain d'aois. Tar éis a báis, d'ainmnigh Parlaimint na hEorpa a príomhfhoirgneamh i Strasbourg aisti, mar aitheantas ar an tacaíocht a thug sí ar feadh a saoil do luachanna na hEorpa.




*Louise Weiss ag labhairt leis an bhFeisire Eorpach Pierre Pflimlin i Strasbourg in 1981.*